# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2018

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanaigh 9 & 10 den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

## PÁIPÉAR 1

(150 marc)

| **ROINN I** | **AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** | **40 MARC** |
|---|---|---|

Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarrachtmhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn de réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

**Cuid A** (16 marc)

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 8] **= <u>16 mharc</u>.**

**Cuid B** (12 marc)

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 6] **= <u>12 mharc.</u>**

**Cuid C** (12 mharc)

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

[2 mharc x 6] **= <u>12 mharc.</u>**

<u>A + B + C = **40 marc**</u>

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid **2 mharc [ - 0 / -1 / - 2 ]** a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

| **ROINN II** | **LÉAMHTHUISCINT** | **40 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 1 (**40 marc**)**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A. (**20 marc**)**

Tá **cúig** cheist, 1 – 5, le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna **1, 2 & 3** (a) 2 + (b) 2 = 4 x 3 = **12 mharc.**
Tá **dhá** mhír eolais á lorg ar cheist 4 & 5: <u>(2 + 2) x **2** = **8 marc**.</u>
**[4** mharc x 5] **= 20 marc.**

**B. (**20 marc**)**

Tá **cúig** cheist, 1 – 5, le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna **1, 2 & 3**; (a) 2 + (b) 2 = 4 x 3 = **12 mharc.**
Tá freagra **ceart amháin** á lorg i gcás ceisteanna **4 & 5** <u>= 4 + 4 = **8 marc.**</u>
**[4** mharc x 5] **= 20 marc.**

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid **2 mharc [- 0 / -1 / - 2 ]** a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

Freagair A ***agus*** B anseo.

**A. (10 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá** mharc an ceann ar gach mír eolais atá ceart.

[2 mharc x 5] = **10 marc**.

**B. (10 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá mharc an ceann** ar gach mír eolais atá ceart.

[2 mharc x 5] = **10 marc.**

**A+ B. = 20 marc**

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Treoir:** Bheifí ag súil, sa mharcáil anseo, le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge.

**Ceist 3. (50 marc)**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Stíl:** = 2 mharc.
**Ábhar:** = 8 marc.
**Gaeilge:** = 40 marc.

Iomlán: 40 + 8 + 2 = **50 marc**.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B agus C**.

# PÁIPÉAR II

(90 marc)

| | | |
|---|---|---|
| **ROINN I** | **PRÓS LITEARTHA** | **30 MARC** |

**Ceist 1. (15 mharc)**

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc x 3 = 12.

**Buntuiscint**:

(i) 4 mharc.

(ii) 4 mharc.

(iii) 4 mharc.

**Léirthuiscint**:

(i) marc as 4 mharc = [2 + 2]

(ii) marc as 4 mharc = [2 + 2]

(iii) marc as 4 mharc = [2 + 2]

- **Gaeilge**: + **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

Iomlán = (4 x 3) + 3 = **15 mharc**.

**Ceist 2. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair:** = 1 mharc
**Ainm an údair**: = 1 mharc
**Ábhar**: = 5 mharc
**Gaeilge**: = 8 marc
**15 mharc**

A *nó* B = 1+1+5+8 = **15 mharc**

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

**Tuiscint**: **4 mharc** (4 x 3) = **12 mharc.**
**Gaeilge**: **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

**Buntuiscint**:

**(i)** 4 mharc.

**(ii)** 4 mharc.

**(iii)** 4 mharc.

**Léirthuiscint**:

**(i)** marc as 4 mharc = [2 + 2]

**(ii)** marc as 4 mharc = [2 + 2]

**(iii)** marc as 4 mharc = [2 + 2]

**Gaeilge**: + **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

Iomlán = (4 x 3) + 3 **= <u>15 mharc</u>**

**Ceist 4. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an dáin:** = 1 mharc
**Ainm an fhile:** = 1 mharc
**Ábhar:** = 5 mharc
**Gaeilge:** = <u>8 marc</u>
**15 mharc**

**A** ***nó*** **B :** 1 + 1 + 5 + 8 **= <u>15 mharc.</u>**

| ROINN IV | LITIR A SCRÍOBH | 30 MARC |
|---|---|---|

## Ceist 5

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí**: 3 mharc F=
- **Ábhar**: 10 marc Á=
- **Gaeilge**: 17 marc G=

3 + 10 + 17 = **30 marc.**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

1. **Na Foirmlí Ceiliúrtha:** **Seoladh:** 1 mharc
   **Beannú:** 1 mharc
   **Críoch:** 1 mharc

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

| **3.** | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc **as** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

**4.** Litreacha neamhfhoirmeálta is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]
Litir fhoirmeálta is ea **C**. [Beannú; Críoch]

## OIRIÚNTAS RÉASÚNTA

Tá roinnt leasuithe ar an scéim mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáth shlí, de réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

### PÁIPÉAR 1 (S.7)

| | | |
|---|---|---|
| **ROINN I** | **AN TRIAIL CHLUASTHUISCEANA** | **40 MARC** |

**Treoir:** Ní bhaintear marc ar bith anseo maidir le Gaeilge lochtach.

| | | |
|---|---|---|
| **ROINN III** | **TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA** | **20 MARC** |

**Ceist 2 (20 marc)**

**Treoir**: ar aon dul leis an gnáthscéim mharcála

| | | |
|---|---|---|
| **ROINN IV** | **CEAPADÓIREACHT** | **50 MARC** |

**Ceist 3 (50 marc)**

**Ábhar**: 8 marc. **Stíl:** 2 mharc. **Gaeilg**e: 40 marc. 8 + 2 + 40 = 50 marc.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + **1.** 15 – 24: + **2.** 25 – 34: + **3**.

35 – 36: + **4**. 37, 38, 39 > **40**.

### PÁIPÉAR II (S.8)

| | | |
|---|---|---|
| **ROINN I** | **PRÓS LITEARTHA** | **30 MARC** |

**Ceist 1.**

Trí cheist: **Tuiscint**: 4 mharc.

**Gaeilge**: 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d’aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar thuiscint.

**Ceist 2.**

**Gaeilg**e: 8 marc. **Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**. 5 – 6: + **2**. 7 > **8**.

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3.**

Trí cheist: **Tuiscint**: 4 mharc.
**Gaeilge**: 1 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 4.**

**Gaeilge**: 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**. 5 – 6: + **2**. 7 > **8**.

| ROINN III | LITIR A SCRÍOBH | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5.**

**Gaeilge:** 17 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

4 – 7: + **1**. 8 – 11: + **2.** 12 – 14: + **3**. 15, 16 > **17**.

## Páipéar I

| ROINN I | CLUASTUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**N.B. Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.**

**CUID A**

**1. AN CHÉAD CHAINTEOIR**

*Conas atá sibh ar maidin, a chairde? Is mise Laoise Ní Chinnéide. Rugadh i nDún Chaoin i gContae Chiarraí sa bhliain 2002 mé. Tá cónaí orm anois i mBaile Átha Cliath ó bhí an bhliain 2010 ann. Tá mé ag freastal ar Ghaelscoil. Imrím haca leis an scoil agus leis an gclub Three Rock Rovers. Seinnim ceol leis an mbanna Squeaky Runners.*

| **Ainm** | **Laoise Ní Cinnéide** |
|---|---|
| **Cá háit ar rugadh Laoise?** | • Dún Chaoin.<br>• Ciarraí. |
| **Cathain a rugadh Laoise?** | • 2002.<br>• Dhá mhíle is a dó. |
| **Cén saghas scoile a bhfuil Laoise ag freastal uirthi?** | • Gaelscoil.<br>• Gaelcholáiste. |
| **Luaigh caitheamh aimsire amháin atá aici.** | • Spórt.<br>• Haca.<br>• Ceol. |

**Nótaí: (**An Chéad Chainteoir)

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**2. AN DARA CAINTEOIR**

*Go mbeannaí Dia daoibh. Liam de Faoite anseo. Tá mé i mo chónaí i gCloch Cheann Fhaolaidh i gCo. Dhún na nGall. Is altra í mo mháthair agus tá sí ag obair in Ospidéal Leitir Ceanainn. Is peileadóir gairmiúil é mo dheartháir, Pól. Imríonn sé sacar le club sacair Chathair Dhoire. Iascaire é m'athair agus is aoibhinn liom a bheith amuigh ar an fharraige leis ag iascaireacht.*

| **Ainm** | **Liam de Faoite** |
|---|---|
| **Cá bhfuil Liam ina chónaí?** | • Cloch Cheann Fhaolaidh.<br>• Dún na nGall.<br>• Tír Chonaill. |
| **Cén obair a dhéanann a mháthair?** | • Altra / banaltra.<br>• banaltracht. |
| **Cén club sacair lena n-imríonn deartháir Liam?** | • Cathair Dhoire.<br>• Doire. |
| **Cad is aoibhinn le Liam?** | • Bheith amuigh ar an bhfarraige.<br>• Ag iascaireacht.<br>• Ag iascach.<br>• Lena athair. |

**Nótaí (**An Dara Cainteoir**) :**

___

___

___

___

___

___

___

___

___

**CUID B**

**1. FÓGRA**

*Gabhaim pardún agaibh. An Príomhoide ag caint libh. Tá scéala iontach agam daoibh ar maidin. Tabharfaidh Uachtarán na hÉireann cuairt ar an scoil s'againne ar maidin an 12 Márta. Osclóidh an tUachtarán an halla spóirt nua go hoifigiúil an lá sin. Beidh ceolchoirm ar siúl sa halla spóirt nua an tráthnóna sin.*

**1. FÓGRA**

**(a) Ainmnigh an cuairteoir speisialta a thabharfaidh cuairt ar an scoil.**

- Uachtarán na hÉireann.
- An t-Uachtarán.

**(b) Cathain a osclófar an halla spóirt nua go hoifigiúil?**

- 12 Márta.
- Dara lá déag de Mhárta.
- An mhaidin a thabharfaidh an t-Uachtarán cuairt ar an scoil.

**(c) Cad a bheidh ar siúl sa halla spóirt nua an tráthnóna sin?**

- Ceolchoirm.
- Coirmcheoil.

**Nótaí (**Fógra**) :**

## PÍOSA NUACHTA

*Tá sibh ag éisteacht le Raidió na Life. Bronnadh an chéad duais do Eolaí Óg na Bliana ar Imelda Ní Dhroighneáin san RDS tráthnóna. Is as Baile Formaid i mBaile Átha Cliath di. Rinne sí staidéar ar an gceangal atá idir sláinte an duine agus truailliú na timpeallachta sa tír seo.*

**(a) Cén comórtas a bhuaigh Imelda Ní Dhroighneáin?**

- Eolaí Óg na Bliana.

**(b) Rinne Imelda staidéar ar an gceangal idir dhá rud ar leith. Cén dá rud?**

- Sláinte **agus** Truailliú.

**Nótaí (**Píosa Nuachta**) :**

**CUID C**

## 1. COMHRÁ A hAON

### An Chéad Mhír

**Fiachra**: *Goidé mar atá tú, a Aisling? Ní fhaca mé ag an chóisir aréir thú.*

**Aisling**: *Fuair mé cuireadh le gabháil ann ach bhí aiste Béarla le críochnú agam, a Fhiachra.*

**Fiachra**: *Bhí tigh Bhairbre lán go doras ach, ar ndóigh, bhí Ed Sheeran ansin ar feadh tamaill.*

**Aisling**: *Ó sea, is col ceathrair le máthair Bhairbre é, Ed Sheeran.*

**(a) Cén gaol atá ag Ed Sheeran le máthair Bhairbre?**

- Col ceathrair.
- Is col ceathracha iad.

### An Dara Mír

**Fiachra**: *Ghlac mé féin agus Eilís grianghraf dínn féin le hEd Sheeran; féinphic, tá a fhios agat.*

**Aisling**: *Ná cuir an féinphic sin ar Facebook mar tá daoine amuigh ansin a bhfuil éad orthu, a Fhiachra.*

**Fiachra**: *Ó ní chuirfidh mé. Ach ar chríochnaigh tú an aiste Bhéarla go fóill, a Aisling?*

**Aisling** : *Críochnóidh mé tráthnóna inniu é, a Fhiachra?*

**Fiachra**: *Ní chuirfidh mé moill ort, a Aisling, slán go fóill.*

**(b) Cén chomhairle a chuir Aisling ar Fhiachra?**

- Gan an griangraf nó an féinphic a chur ar Facebook / ar an idirlíon.

**(c) Cad atá le críochnú ag Aisling?**

- Aiste Bhéarla.

### Nótaí:

**3.** 

## COMHRÁ A DÓ

## An Chéad Mhír

| | |
|---|---|
| **Éanna**: | *An í sin Sinéad Ní Choistealbha? Is mise Éanna Mac Céile.* |
| **Sinéad**: | *Haigh, a Éanna. Ó sea, bhuaileamar le chéile sa Choláiste Samhraidh anuraidh.* |
| **Éanna** : | *A Shinéad a chara dhil, cén chaoi a bhfuil tú ó shin?* |
| **Sinéad**: | *Ní gearánta dom. D'aistrigh mé go scoil chónaithe ó bhí mé ag caint leat anuraidh.* |

**(a) Cár bhuail Éanna agus Sinéad lena chéile anuraidh?**

- Coláiste Samhraidh.
- Sa Ghaeltacht.

## An Dara Mír

| | |
|---|---|
| **Éanna**: | *An dtaitníonn an scoil chónaithe leat, a Shinéad?* |
| **Sinéad**: | *Taitníonn ach bhí mé uaigneach ansin ag an tús, a Éanna.* |
| **Éanna**: | *Ar chríochnaigh tú an leabhar a bhí á scríobh agat?* |
| **Sinéad**: | *Chríochnaigh mé roimh an Nollaig é.* |
| **Éanna**: | *Comhghairdeas leat a Shinéad? Agus cén teideal a thug tú ar an leabhar?* |
| **Sinéad**: | Na Bróga Draíochta. Is leabhar do pháistí óga é. |

**(b) An dtaitníonn an scoil chónaithe le Sinéad?**

- Taitníonn.
- Níor thaitin ag an tús mar bhí sí uaigneach.

**(c) Luaigh rud <u>amháin</u> faoin leabhar a scríobh Sinéad**.

- Chríochnaigh sí an leabhar roimh an Nollaig.
- Na Bróga Draíochta an t-ainm / an teideal atá air.
- Is leabhar do pháistí é.
- Is leabhar Gaeilge é.

## Nótaí:

___

___

___

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 1.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.`

**A (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

## Dialann Dúradáin

**1.** Bhí ríméad ar Jeff Kinney nuair a foilsíodh a shaothar *Diary of a Wimpy Kid* i nGaeilge. *Dialann Dúradáin* an teideal atá air sa Ghaeilge. Mórtas cine ba chúis le ríméad an údair mar ba as Éirinn a shinsir. Tá sé an-bhródúil as an nasc sin. Tá aon leabhar déag sa tsraith Bhéarla *Diary of a Wimpy Kid*. Tá trí cinn díobh aistrithe go Gaeilge. Ar pháistí idir ocht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois atá *Dialann Dúradáin* dírithe.

**2.** Rugadh Jeff Kinney sa bhliain 1971 in Maryland sna Stáit Aontaithe. Nuair a bhí sé ag freastal ar an ollscoil dhéanadh sé sraith greannán dar teideal *Igdoof* do nuachtán na hollscoile. Theastaigh uaidh a bheith ina chartúnaí. Tar éis do Jeff an ollscoil a fhágáil, áfach, níor éirigh leis post buan a bhaint amach mar chartúnaí. Ansin sa bhliain 1998, bhuail an smaoineamh é *Diary of a Wimpy Kid* a scríobh.

**3.** Greg Heffley an t-ainm atá ar an Dúradán in *Diary of a Wimpy Kid*. Ar líne a cuireadh in aithne do na léitheoirí i dtús báire é. Is frithlaoch amach is amach é. Is duine mailíseach, leithleach, éadmhar, leisciúil, sotalach, dána, mímhacánta, paranóideach é. Déarfá go bhfuil sé gránna fiú. Ní cara maith é agus ní maith leis go mbeadh an milleán air féin riamh. Bíonn sé de shíor ag tarraingt airde air féin ar scoil. Síleann sé go dtuillfidh sé clú agus cáil dó féin i measc na ndaltaí eile agus go mbeidh meas air. Níos minice ná a chéile, áfach, is é a mhalairt ar fad a tharlaíonn.

**4.** Sé bliana a chaith Jeff Kinney ag obair ar *Diary of a Wimpy Kid* sular thosaigh sé á chur ar líne gach lá. Ó shin i leith, tugadh cuairt ar an scéal ar líne 80 milliún uair. Foilsíodh *Diary of a Wimpy Kid* i bhfoirm leabhair sa bhliain 2007. Meastar go bhfuil breis agus 180 milliún cóip de na leabhair éagsúla sa tsraith i gcló i dteangacha difriúla ar fud an domhain faoi láthair. Léann os cionn 70,000 duine leabhar faoin Dúradán gach lá. Tá ceithre scannán bunaithe ar na leabhair go dtí seo agus shaothraigh siad sin breis agus $250 milliún. Ní beag sin.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**1. (a) Cén fáth a raibh ríméad ar Jeff Kinney?**

- Foilsíodh Diary of a Wimpy Kid i nGaeilge.
- Foilsíodh Dialann Dúradáin.
- Ba as Éirinn a shinsir.
- Bhí mórtas cine air.

**(b) Cén t-aoisghrúpa a bhfuil *Dialann Dúradáin* dírithe air?**

- Ar pháistí idir ocht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois.
- Ar pháistí 8 – 12.

2. **(a) Cad a dhéanadh Jeff Kinney nuair a bhí sé ag freastal ar an ollscoil?**

   - Sraith greannán.
   - Cartúin.
   - Dhearadh sé cartúin do nuachtán na hollscoile.
   - Scríobhadh sé do nuachtán na hollscoile.
   - D'oibríodh sé le nuachtán na hollscoile.

   **(b)Cén post buan nár éirigh le Jeff Kinney a bhaint amach nuair a d'fhág sé an ollscoil?**

   - Post mar chartúnaí.
   - Cartúnaí.

3. **(a) Cén smaoineamh a bhuail Jeff Kinney sa bhliain 1998?**

   - Diary of a Wimpy Kid a scríobh.

   **(b) Cá háit a raibh fáil ar *Diary of a Wimpy Kid* i dtús báire?**

   - Ar líne /ar an idirlíon / ar an ngréasán [domhanda].

4. **Luaigh <u>dhá</u> fháth nach dtuilleann an Dúradán, Greg Heffley clú agus cáil dó féin.**

   **Dhá fháth** as na fáthanna seo a leanas:
   - Is duine mailíseach é.
   - Is duine leithleach é.
   - Is duine éadmhar é.
   - Is duine leisciúil é.
   - Is duine sotalach é.
   - Is duine dána é.
   - Is duine mímhacánta é.
   - Is duine paranóideach é.
   - Is duine gránna é.
   - Ní cara maith é.
   - Ní maith leis go mbeadh an milleán air féin riamh.
   - Bíonn sé de shíor ag tarraingt airde air féin ar scoil.
   - Is duine saonta é. Síleann sé féin gur laoch é ach a mhalairt atá fíor. Is frith laoch é a bhfuil dul amú air maidir lena phearsantacht féin.

5. **Luaigh dhá phointe eolais a thugann le fios gur éirigh go maith leis na leabhair *Diary of a Wimpy Kid*.**

   **Dhá** phointe eolais as na pointí seo a leanas:

   - Tugadh cuairt ar an scéal ar líne 80 milliún uair.
   - Foilsíodh Diary of A Wimpy Kid i bhfoirm leabhair in 2007.
   - Meastar go bhfuil breis agus 180 milliún cóip de na leabhair éagsúla sa tsraith i gcló i dteangacha difriúla ar fud an domhain faoi láthair.

- Aistríodh an leabhar go teangacha difriúla.
- Léann os cionn 70,000 duine leabhar faoin Dúradán gach lá.
- Tá ceithre scannán bunaithe ar na leabhair go dtí seo.
- Shaothraigh na scannáin, bunaithe ar na leabhair breis agus $250 milliún.

**Nótaí :**

**B (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*.

## An Chathair Ghlas

**1.** Tá ullmhúchán ar bun i ndeisceart na Síne chun cathair ghlas nua a thógáil ann. Beidh an chathair ghlas nua suite ar bhruach abhainn Liujiang taobh le cathair Liuzhou i gCúige Guangxi. Is taobh tíre sléibhtiúil é agus níl aon duine ina chónaí ann faoi láthair. Ní fada, áfach, go mbeidh an áit ar an gcéad chathair ghlas ar domhan.

**2.** Is é Stefano Boeri, ailtire agus dearthóir Iodálach as Milano na hIodáile, a dhear an chathair ghlas nua. Tá an cur chuige atá aige bunaithe ar phrionsabail bhunúsacha. 'Caithfidh an cine daonna a bheith i dtiúin leis an timpeallacht. Má chuirimid isteach ar an timpeallacht, caithfimid í a chur ina ceart, luath nó mall, nó íocfaimid go daor as,' a deir Stefano Boeri. Creideann Stefano go bhfuil gach amárach ag brath ar an lá inniu.

**3.** Sa chathair ghlas nua seo, clúdófar taobhanna na bhfoirgneamh agus díonta na dtithe le fásra agus le duilliúr. Cuirfear 40,000 crann agus suas le milliún planda difriúil. Beidh na crainn agus na plandaí seo scaipthe sna páirceanna, sna gairdíní, ar feadh na sráideanna agus ar aghaidheanna na bhfoirgneamh freisin. Táthar ag súil leis go gcabhróidh an timpeallacht ghlas seo le díthruailliú an aeir. 'Creidim go mór,' arsa Stefano Boeri, 'gur foraoisí cathracha an bealach is fearr agus is éifeachtaí le truailliú an aeir agus na timpeallachta a laghdú.'

**4.** Tógfar 70 teach spéire sa chathair ghlas. Beidh thart ar 30,000 duine ina gcónaí sna tithe seo. Beidh a lán áiseanna éagsúla sa chathair; siopaí, stáisiún traenach, ospidéil, óstáin, scoileanna agus oifigí, mar shampla. Ní bheidh in úsáid sa chathair ghlas nua ach feithiclí leictreacha a ritheann ar bhreosla in-athnuaite.

**5.** Sa bhliain 2016, cuireadh tús le plean den chineál céanna i Maidrid na Spáinne chun foirgnimh agus spásanna folmha a chlúdach le fásra agus le duilliúr. Is iarracht phraiticiúil í seo chun an teocht agus na tuilte a laghdú i Maidrid. Is gairdíní anois iad na spásanna a bhíodh folamh agus tá fásra agus duilliúr ar dhíonta agus ar bhallaí ann. Is dócha gur mar sin a bheidh gach cathair amach anseo.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**1. (a) Cá mbeidh an chathair ghlas suite?**

- I ndeisceart na Síne.
- Sa tSín.
- Ar bhruach abhainn Liujiang.
- Taobh le cathair Liuzhou.
- I gCúige Guangxi.

**(b)Luaigh prionsabal <u>amháin</u> a bhfuil cur chuige Stephano Boeri bunaithe air?**

- Caithfidh an cine daonna a bheith i dtiúin leis an timpeallacht.

- Má chuirimid isteach ar an timpeallacht, caithfimid í a chur ina cheart, luath nó mall, nó íocfaimid go daor as.
- Tá gach amárach ag brath ar an lá inniu.

**2. (a) Cad a bheidh ar thaobhanna na bhfoirgneamh sa chathair ghlas nua?**

- Fásra.
- Duilliúr.
- Crainn.
- Plandaí.

**(b) Cad a deir Stefano Boeri i dtaobh na bhforaoisí cathracha?**

- An bealach is fearr / is éifeachtaí le truailliú an aeir a laghdú.
- An bealach is fearr / éifeachtaí le truailliú na timpeallachta a laghdú.

**3. (a) Cé mhéad duine a bheidh ag cur fúthu sa chathair ghlas nua?**

- Thart ar 30,000.

**(b) Cén fáth ar cuireadh fásra agus duilliúr i Madrid na Spáinne in 2016?**

- Chun an teocht a laghdú.
- Chun na tuilte a laghdú.

**4. Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?**

**'Caithfimid aire a thabhairt don timpeallacht ar mhaithe leis an todhchaí.'**

- Alt 2

**5. Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?**

**'Ní bheidh peitreal, díosal ná gás in úsáid sna carranna.'**

- Alt 4

**Nótaí** :

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (10 marc) = [ 2 x 5 mharc]**

Scríobh Niamh Ní Uallaigh an fógra seo thíos faoi sheoladh an dlúthdhiosca, *Ceol 2017*.
Theastaigh uaithi cuntas a scríobh faoi d'iris na scoile. Bhí uirthi an fógra a athscríobh san **Aimsir Chaite** lena fhoilsiú san iris.

**Sampla: Sheol** Eoghan McDermott an dlúthdhiosca *CEOL 2017* go hoifigiúil i mBaile Átha Cliath.

## Ceol 2017

- **Chuir** Conradh na Gaeilge agus Raidió Rí-Rá an dlúthdhiosca ar fáil i gcomhpháirt le RTÉ 2FM.
- **D'eagraigh** 2FM cóisir do lucht éisteachta an *Eoghan McDermott Show.*
- **Níor chosain / Níor chosnaigh** *Ceol 2017* faic.
- **Bronnadh** an dlúthdhiosca ar gach duine saor in aisce.
- An **bhfuair** tú do chóip ar an oíche?

### Nótaí

## B (10 marc) = [ 2 x 5 mharc]

Anseo thíos tá giota téacs leis an iriseoir, Méabh Ní Thuathaláin.

**Athscríobh na habairtí i do fhreagarleabhar.**

- Líon na bearnaí sna habairtí **2**, **3**, **4** agus **5** thíos leis an bhfocal is oiriúnaí.
- Aimsigh ainmfhocal **amháin** san uimhir iolra in abairt a **6** thíos agus scríobh i do fhreagarleabhar é.

## Na Radhairc is Deise in Éirinn

1. **Sampla:** Is i gceantair Ghaeltachta atá trí cinn de na sé radhairc is **áille** in Éirinn.
2. Tá Mainistir na Coille Móire i gConamara suite cois Loch Pholl an **Chapaill.**
3. Tá Sceilg Mhichíl **i** measc na n-áiteanna is cáiliúla ar domhan anois.
4. Tá cáil ar Sceilg Mhichíl ar fud an domhain **mar** rinneadh cuid de *Star Wars: The Force Awakens* ann*.*
5. Tá Aillte Shliabh Liag i nDún na nGall ar **cheann** de na háiteanna is fearr le radharc a fháil ar an ngrian ag dul faoi.
6. [Ar na h]**áiteanna** eile atá luaite tá an Seancheann i gCionn tSáile, Cuan Mó i gContae Mhaigh Eo agus Loch Té i gContae Chill Mhantáin.

**Ainmfhocal amháin san uimhir iolra =** áiteanna

## Nótaí

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C** anseo thíos.
**(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)**

**Ábhar**: 8 marc. **Á (8) =**
**Stíl**: 2 mharc **S (2) =**
**Gaeilge**: 40 marc. **G (40) =**

Iomlán: 8 + 2 + 40 **= 50 marc**.

**A.** **AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE**

Scríobh ar do rogha **ceann amháin** díobh seo:

**(i)** Siopadóireacht.
**(ii)** An t-ábhar scoile is fearr liom.
**(iii)** Sacar - an cluiche álainn.
**(iv)** Dá mbeinn saibhir.
**(v)** Mar a chaith mé laethanta saoire na Cásca i mbliana.

**B.** **SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

**(i)** Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

Ní fhéadfainn é a chreidiúint nuair a chuala mé an scéal ...

**(ii)** Eachtra a tharla ar mo shlí abhaile ón scoil.

**C.** **DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

**(i)** Tá gaisce déanta ag TG4.
**(ii)** Tá daoine óga róthógtha leis na meáin shóisialta.

**Nótaí (**An Cheapadóireacht**):**

## S8 Páipéar II

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

### Ceist 1. (15 mharc)

### An Lamborghini Buí

**1.** Bhí an-spéis ag Séamas sna gluaisteáin. Ba ghnách leis irisí gluaisteán a cheannach gach seachtain. Lá amháin bhí sé féin agus a chara, Síle, ag féachaint ar phictiúr de ghluaisteán álainn galánta a bhí i gceann de na hirisí. 'Lamborghini,' a dúirt Séamas le tuin sheafóideach Iodálach ar a chuid cainte. 'Anois, a Shíle, an bhfaca tú riamh gluaisteán chomh galánta leis sin?' 'Chonaic,' a d'fhreagair Síle. 'Tá gluaisteán cosúil leis sin thuas sa tseid mhór thréigthe sa choill.' 'Ag magadh atá tú!' a dúirt Séamas. 'Ní dóigh liom go bhfuil Lamborghini mar sin sa tír seo. Cosnaíonn siad €300,000 ar a laghad.' Bhí sceitimíní air agus é ag smaoineamh ar an Lamborghini thuas sa tseid. 'Tar liom mar sin,' arsa Síle agus í leathbhealach amach an doras cheana féin.

**2.** Bhí doras na seide ar oscailt nuair a bhain siad an áit amach. Ní raibh duine ná deoraí timpeall. Chuaigh siad isteach. Bhí toirt mhór i lár na seide agus í clúdaithe le canbhás dubh. Tharraing Séamas agus Síle an canbhás anuas agus nocht siad Lamborghini galánta buí. Ba bheag nár lig Séamas scread áthais as ach chuir Síle a méar lena béal. 'Tá rud éigin aisteach ar bun anseo,' a dúirt sí os íseal. Ach ní raibh Séamas ag éisteacht léi. Bhí sé ag cuimilt a lámh ar mhiotal snasta an bhoinéid agus é ag brionglóideach faoin gceol a bhainfeadh sé as inneall an ghluaisteáin dá dtiocfadh leis é a thosú.

**3.**'Cén fáth a bhfuil Lamborghini i bhfolach anseo,' a dúirt Síle i gcogar. 'Sin í an cheist,' arsa Séamas. 'Cuirfidh mé geall leat gur gluaisteán goidte é seo.' Bhí Síle ar nós bleachtaire, í ag tógáil grianghraf den ghluaisteán lena fón agus ag caint gan stad. 'Féach, a Shéamais! Níl aon chláruimhir ar an ngluaisteán seo. Ach is don tír seo a rinneadh é mar tá an roth stiúrtha ar thaobh na láimhe deise.'

**4.**Is ansin a chuala siad leoraí taobh amuigh. Chaith siad an canbhás ar ais ar an Lamborghini faoi dheifir. Chuaigh siad i bhfolach i seomra beag a bhí i gcúinne na seide. Bhí fuinneog bheag shalach sa seomra agus bhí radharc acu ar gach rud. Chonaic Síle agus Séamas an leoraí á thiomáint isteach sa tseid. Léim fear agus bean amach as. D'fhéach siad thart gan faic a rá. Thosaigh Síle ag crith le heagla nuair a chonaic sí go raibh gunna ina lámh ag an mbean. Bhí a fhios aici go mbeadh a bport seinnte dá mbéarfaí anois uirthi féin agus ar Shéamas.

**5.**Bhain an fear an canbhás den Lamborghini. Shuigh an bhean isteach sa ghluaisteán agus thosaigh sí an t-inneall. Lig an fear rampa síos ó chúl an leoraí agus thiomáin an bhean an gluaisteán in airde air. Chlúdaigh siad an gluaisteán arís leis an gcanbhás. Cheangail siad go daingean le rópaí é. Isteach leis an mbeirt i gcábán an leoraí ansin agus thiomáin siad leo amach as an tseid arís. 'Rinne mé nóta de chláruimhir an leoraí,' arsa Síle. 'Rachaimid ar ais chuig an teach anois díreach, a Shéamais, agus déanfaimid iarracht eolas a fháil faoin leoraí sin, agus faoin Lamborghini buí.'

# Ceisteanna (iad ar cómharc)

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

**Buntuiscint**:

(**i**) 4 mharc.

(**ii**) 4 mharc.

(**iii**) 4 mharc.

**Léirthuiscint**:

(i) marc as 4 mharc = [2 + 2, an saghas duine + forbairt]

(ii) marc as 4 mharc = [2 + 2, an saghas duine + forbairt]

(iii) marc as 4 mharc = [2 + 2, mothúchán + forbairt]

- **Tuiscint**: 4 mharc x 3 = 12.
- **Gaeilge**: + **3 mharc** ( + 1 / + 2 / + 3 )

•Iomlán = (4 x 3) + 3 = **15 mharc**.

## A (Buntuiscint)

**(i)** **Cá bhfaca Síle Lamborghini cosúil leis an gceann a bhí san iris?** (Alt 1)

- Sa tseid [mhór thréigthe] sa choill.

**(ii)** **Cad a thug Síle faoi deara nuair a chonaic sí an Lamborghini galánta buí?** (Alt 3)

- Ní raibh aon chláruimhir air.
- Bhí roth stiúrtha an ghluaisteáin ar thaobh na láimhe deise.
- Is don tír seo a rinneadh é.

**(iii)** **Cad a rinne Síle agus Séamas nuair a chuala siad leoraí taobh amuigh?** (Alt 4)

- Chaith siad an canbhás ar ais ar an Lamborghini.
- Chuaigh siad i bhfolach i seomra beag a bhí i gcúinne na seide.

## B (Léirthuiscint Ghinearálta)

(i) **Déan cur síos gairid i d'fhocail féin ar an saghas duine é Séamas.**

**Tá suim ag Séamas i ngluaisteáin.**

- Ceannaíonn Séamas irisí gluaisteán go rialta.
- Tá suim aige i ngluaisteáin Lamborghini, ach go háirithe.
- Tá eolas aige ar Lamborgini. Tá a fhios aige go gcosnaíonn Lamborghini €300.000.
- Bíonn sceitimíní air nuair a insíonn Síle dó go bhfuil gluaisteán cosúil le Lamborghini sa tseid sa choill.

- Nuair a fheiceann sé an gluaisteán sa tseid cuimlíonn sé a lámh go ceanúil ar mhiotal snasta an bhoinéid 'agus é ag brionglóideach faoin gceol a bhainfeadh sé as inneall an ghluaisteáin dá dtiocfadh leis é a thosú'.

**Tá pearsantacht tharraingteach aige.**

- Taispeánann sé a chuid mothúchán go hoscailte ó thús deireadh an scéil.
- Is duine umhal é gan aon éirí in airde ná buaileam sciath ag roinnt leis mar dhuine. Cé gurb eisean an 'saineolaí' i gcúrsaí gluaisteán tugann sé cead a cinn do Shíle ról an cheannaire a ghlacadh san eachtra bheag seo.
- Tá féith an ghrinn go smior ann. Nuair a luann sé an focal 'Lamborgini' don chéad uair cuireann sé tuin sheafóideach Iodálach ar a chuid cainte.
- Is duine normálta é. Tá an comhrá agus an caidreamh atá aige le Síle nádúrtha agus normálta.
- Is duine ciallmhar é. Téann sé féin agus Síle i bhfolach nuair a chloiseann siad an leoraí ag teacht. Tuigeann sé go bhféadfaidís a bheith i mbaol.
- Is daoine ciallmhaire iad Séamas agus Síle mar clúdaíonn siad an gluaisteán leis an gcanbhás nuair a chloiseann siad an leoraí ag déanamh ar an tseid ionas nach mbeadh amhras ar na gadaithe go bhfuil rud éigin ar bun i ngan fhios dóibh.
- Is duine géarchúiseach é. Tuigeann sé go bhfuil rud éigin aisteach ar bun go mbeadh gluaisteán galánta costasach i seid i lár na coille.

**Is duine dea-bhéasach measúil é Séamas.**

- Labhraíonn Séamas go dea-bhéasach measúil le Síle. Is léir go bhfuil meas aige uirthi mar chara. Labhraíonn sé léi, agus ise leis, sa chéad ainm, Síle agus Séamas, nuair a oireann sé don ócáid ach ní théann siad thar fóir leis mar nós.
- Cé go bhfuil cúpla sampla den spochadh a bheadh coitianta idir cairde sa scéal is greann éadrom a eascraíonn uaidh. Bíonn Séamas agus Síle ag gáire le chéile seachas duine amháin díobh ag déanamh ceap magaidh den duine eile.
- Bíonn Séamas breá sásta glacadh le comhairle Shíle agus déanamh dá réir mar go bhfuil meas aige ar a cuid tuairimí agus go dtuigeann sé go bhfuil ciall agus críonnacht ag baint leo.

(ii) **Déan cur síos gairid i d'fhocail féin ar an saghas duine í Síle**.

**Is cara le Séamas í Síle.**

- Labhraíonn siad go deas séimh lena cheile. Tá cairdeas maith idir í agus Séamas. Léiríonn an comhrá a bhíonn eatarthu é sin.
- Cé go bhfuil siad ag spochadh as a chéile níl aon rud gránna nó mailíseach taobh thiar den ghreann sin. Is léir go bhfuil meas aici ar Shéamas. Is léir go bhfuil meas acu ar a chéile.
- Nuair a fheiceann Síle an gunna i lámh na mná ní uirthi féin amháin a chuimhníonn sí ach ar Shéamas freisin. '*Bhí a fhios aici go mbeadh a bport seinnte dá mbéarfaí anois uirthi féin agus ar Shéamas*.'

**Is duine géarchúiseach ábalta í Síle.**

- Is í Síle a stiúraíonn an chaint agus an t-aicsean sa phíosa ó thús deireadh an scéil.
- Ise a dhéanann an cinneadh dul go dtí an tseid.
- Ise a iompraíonn í féin ar nós bleachtaire ' ag tógáil grianghraf den ghluaisteán lena fón.'
- Is í Síle a thugann faoi deara nach bhfuil aon chláruimhir ar an ngluaisteán.
- Feiceann sí go bhfuil an roth stiúrtha ar thaobh na láime deise.
- Ise fosta a bhreacann síos cláruimhir an leoraí.
- Is í Síle a mholann, nó a dhéanann an cinneadh, go rachadh sí féin agus Séamas ar ais go dtí an teach chun go ndéanfaidís tuilleadh fiosraithe i dtaobh an Lamborghini ghoidte.
- Is daoine ciallmhara iad Séamas agus Síle mar cludaíonn siad an gluaisteán leis an gcanbhás nuair a chloiseann siad an leoraí ag déanamh ar an seid ionas nach mbeadh amhras ar na gadaithe go bhfuil rud éigin ar bun i ngan fhios dóibh.

(iii) **Déan cur síos gairid i <u>d'fhocail féin</u> ar mhothúchán <u>amháin</u> atá sa scéal**.

**Sceitimíní, ríméad, áthas**

- Baineann na mothúcháin seo le Séamas agus an spéis atá aige i ngluaisteáin. Feicimid iad ach go háirithe nuair a fheiceann sé an Lamborghiní sa tseid.
- Baineann na mothúcháin seo le ról Shíle freisin. Is léir go bhfuil sceitimíní urithi tabhairt faoin eachtra sa chéad áit. 'Tar liom mar sin,' arsa Síle agus í leathbhealach amach an doras cheana féin. 'Caithfidh go bhfuil sí ag baint spraoi, spóirt, ríméid agus sceitimíní as bheith ina bleachtaire. 'Bhí Síle ar nós bleachtaire, í ag tógáil grianghraf den ghluaisteán lena fón agus ag caint gan stad.'

**Sásamh agus faoiseamh**

- Is léir go mbaineann Síle agus Séamas sásamh as imeachtaí áirithe den eachtra. Is dócha go mbaineann Séamas an-sásamh as an eolas a léiríonn sé maidir leis an Lamborghini.
- Caithfidh go mbaineann Síle sásamh as a cumas na lúbanna atá ar lár a aithint.
- Níl aon dabht faoi ná gur scaoil Séamas agus Síle osna faoisimh astu nuair a tháinig an bheirt acu slán ón tarluint.

**Scanradh, faitíos, eagla, imní**

- Nuair a chonaic Síle go raibh gunna ina lámh ag an mbean eile tháinig crith cos agus lámh uirthi. Thuig sí go raibh sí féin agus Séamas i mbaol agus dá mbéarfaí orthu go raibh 'a bport seinnte.'

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo.

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair:** = 1 mharc

**Ainm an údair:** = 1 mharc

**A (ii)** *agus* **B (ii) Ábhar**: = 5 mharc

**Gaeilge**: = 8 marc

**A *nó* B :** 1 + 1 + 5 + 8 **= 15 mharc**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an *saghas céanna duine* i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1**.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin *faoin saghas sin duine.*

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *saghas sin duine* agus a bhfuil faoin *saghas céanna duine* sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na saghsanna daoine* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an saghas sin duine* i gceist ann.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir*.

(a) Duine maith (b) Duine gránna (c) Duine glic

(d) Duine tinn (e) Duine brónach (f) Duine cáiliúil

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *saghas duine* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann.

| **ROINN II** | **FILÍOCHT** | **30 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 3**. Léigh an dá dhán thíos: *Deireadh Na Feide* le hAilbhe Ní Ghearbhuigh agus *Breacsholas* **le** Colette Nic Aodha. Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**. Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat*. **(15 mharc)**

**DEIREADH NA FEIDE**

Inniu féin
is cuimhin le muintir Aas
go mbíodh teanga á feadaíl
ag na daoine fadó;

fead a d'iompair
nuacht an lae
idir na fir agus na mná a d'oibrigh
sna goirt máguaird;

feadaíl nach dtuigtí
lasmuigh den bparóiste.

Nuair a tháinig na Naitsithe
choimeád an fheadaíl
Giúdaigh slán ó chontúirt.
Chuir scéalta an *Résistance*
ó bhéal go béal faoi rún.
Chabhraigh le píolótaí a bhí imithe amú
teorainn na Spáinne a aimsiú.

Níor chuala éinne ó shin í.

Maireann sí i gcuimhne na ndaoine,
an teanga feadaíola seo,
ach níl ar chumas éinne
na fuaimeanna a aithris.

Níor deineadh aon taifead uirthi.

**BREACSHOLAS**

Tá na sléibhte trasna an chuain ag
dul i léig sa tráthnóna agus
tá draíocht le brath sa chlapsholas is
an oíche ag fáil an lámh in uachtar
ar an lá. Ar ball beidh na scamaill ar
aon dath le barr na sléibhte, is cuma
orthu go bhfuil siad i bhfad i gcéin.
Tá teach solais ag caitheamh a
bhreacsholais féin ar an uisce os mo
chomhair, rithim ar leith ag na
tonnta atá
ag briseadh ar na carraigeacha.

Feicim an taoide ag trá
is na báid iascaireachta
ceann le sruth,

an lá aoibhinn seo in iarthar
Chorcaí ag sleamhnú uaim ach
cloisim giolcadh an ghealbhain fiú
ag titim na hoíche.

**DEIREADH NA FEIDE**

**Gluais:** **Aas**: baile beag sa Fhrainc
**feadaíl**: fead, fuaim a shéidtear amach trí bheola

(*Athchóiríodh na buntéacsanna lena gcur in oiriúint don chóras measúnachta gan é a chur i gcead na n-údar roimh ré.*)

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**A (Buntuiscint)**

**(i) Cén sórt teanga a bhíodh in úsáid ag muintir Aas sa dán Deireadh na Feide?**

- Teanga a bhíodh á feadaíl acu.
- Teanga feadaíola.
- Bhí sé á feadaíl ag na daoine.

- Teanga rúnda nár tuigeadh taobh amuigh den bparóiste.

**(ii) Cén tráth den lá atá ann sa dán *Breacsholas*?**

- Tráthnóna.
- Clapsholas.
- Titim na hoíche.
- Dul faoi na gréine.
- Idir an dá sholas.

**(iii) Cén fáth nach bhfuil an teanga ar eolas anois ag aon duine sa dán *Deireadh na Feide*?**

- Ní dhearnadh/Níor deineadh taifead uirthi nuair a bhí sí beo/nuair a labhair muintir Áas í.
- Níl éinne beo anois a labhair an teanga.
- Ní labhraíonn énne atá beo anois an teanga.
- Nuair a fuair na daoine a labhair í bás fuair an teanga bás agus 'Nor chuala éinne ó shin í'.
- 'Níl ar chumas éinne / na fuaimeanna a aithris.'

**B (Léirthuiscint Ghinearálta)**

**(i) Scríobh cuntas gairid i d'fhocail féin ar <u>mhothúchán amháin</u> atá sa dán *Breacsholas*.**

**Mothúcháin: Sásamh, suaimhneas, sonas, aoibhneas agus síocháin**

- Tá titim na hoíche ann agus tá an file faoi dhraíocht ag áilleacht na radharc a fheiceann sí os a chomhair sa 'bhreacsholas': na sléibhte, an cuan, na scamaill sa spéir, an teach solais, an uisce, an taoide agus 'na báid iascaireachta / ceann le sruth' agus í ag siúl nó ina suí in aice na farraige: '*tá draíocht le brath sa chlapsholas / is an oíche ag fáil an lámh in uachtar / ar an 'lá aoibhinn seo / in iarthar / Chorcaí'.*

- Chomh maith leis na radhairc agus na leath-radhairc cuireann na fuaimeanna a chloiseann an file faoi dhraíocht í freisin. Mothaíonn sí go bhfuil sí i dtiúin lena timpeallacht agus go bhfuil codanna éagsúla na timpeallachta i dtiúin lena chéile: 'rithim ar leith ag na tonnta atá / ag briseadh ar na carraigeacha' agus ceol na n-éan, 'giolcadh an ghealbhain'/ fiú ag titim na hoíche.

**Díomá, brón, aiféala**

- Braithimid go bhfuil díomá / brón / aiféala / uaigneas ar an bhfile go bhfuil an 'lá aoibhinn seo / in iarthar Chorcaí' thart.

**(ii) Scríobh cuntas gairid i d'fhocail féin ar íomhá amháin atá sa dán *Deireadh na Feide*.**

**Feidhmeanna agus cumhacht 'na teanga feadaíola'.**

- D'úsáideadh na fir agus is dócha go mbíodh siad ag aoireacht beithíoch sna sléibhte, d'úsáid siad 'an teanga feadaíola' chun cumarsáid a dhéanamh leis 'na mná a d'oibrigh / sna goirt máguaird'.
- Níor thuig éinne 'lasmuigh den bparóiste' an teanga agus mar sin bhí sí an-oiriúnach chun teachtaireachtaí rúnda a chur ó bhéal go béal.
- Sa Dara Cogadh Domhanda nuair 'a tháinig na Naitsithe / choimeád an fheadaíl / Giúdaigh slán ó chontúirt. Thugtaí leideanna agus foláirimh dóibh i ngan a fhios do na Naitsithe a bhuí leis an teanga feadaíola agus thugadh sé sin deiseanna dóibh éalú nó dul i bhfolach.
- Tá Aas ar theorainn na Spáinne ar thaobh na Fraince agus mar sin nuair a bhí an *Résistance* ann chabhraigh 'an teanga feadaíola' leo chun teachtaireachtaí rúnda a chur 'ó bhéal go béal'.
- Ba mhór an chabhair í an teanga feadaíola ar bhealaí eile freisin. Chabhraigh sí 'le píolótaí a bhí imithe amú / teorainn na Spáinne a bhaint amach.

**Mar a fhaigheann teanga bheo bás**

- Ar chúis amháin nó ar chúis eile éiríonn glúin amháin, tuismitheoirí, mar shampla, as bheith ag labhairt na teanga leis an gcéad ghlúin eile, a gcuid páistí féin. Nuair a fhaigheann an ghlúin sin, a labhair an teanga, bás faigheann an teanga bás leo. Sna blianta atá i gceist anseo 'níor deineadh aon taifead uirthi'. 'Maireann' an teanga fós 'i gcuimhne na ndaoine'. Is é sin le rá go mbíonn ceangal 'rómánsúil' acu leis an teanga bhásaithe ach ní bhíonn sé 'ar chumas éinne / na fuaimeanna a aithris'.

**An íomhá a ghabhann le teideal an dáin** *Deireadh na Feide*

- Nath nó cor cainte coitianta is ea 'deireadh na feide'. Má thugtar cnag nó buille sa bholg do dhuine is minic a fhágann sé an duine i ndeireadh na feide. Baintear an t-aer as agus uaireanta ní bhíonn aon teacht aniar ann ach uaireanta eile, nuair nach mbítear ag súil leis bíonn sé ar a sheanléim arís. Tuigeann an file go bhfuil na macallaí contrártha seo ag gabháil leis an nath cainte ach oireann sé go seoigh do ábhar an dáin. Baineann an file macallaí cliste eile as an bhfocal 'fead' arís sa bhfocal 'taifead'. 'Níor deineadh aon taifead' ar theanga na feadaíola agus i ngeall air sin tá sí ' i ndeireadh na feide'.

**(iii) Mínigh i d'fhocail féin cé acu dán is fearr leat.**

**Nóta**:

Míniú gairid pearsanta ar cheann amháin den dá dhán a bheidh i bhformhór na bhfreagraí anseo.
'Is fearr liom dán X mar........'

I gcásanna áirithe beidh an dá dhán á bplé ag an iarrthóir.
'Is fearr liom X ná Y ar na cúiseanna seo a leanas..........'

Luafar b'fhéidir rudaí a thaitníonn leo i ndán amháin agus luafar rudaí nach dtaitníonn leo sa dán eile.

Seo liosta pointí de chuid de na pointí a d'fhéadfaí a lua.

**Breacsholas**

- Tá liriciúlacht agus áilleacht ag baint leis an téama [an duine agus an dúlra] agus leis an bhfriotal [cur síos simplí ach fileata] atá sa dán.
- Is cur síos ar eispéiris agus ar thaithí an fhile féin atá againn anseo.
- Tá an file agus an timpeallacht i dtiúin le chéile.
- Téann na radhairc a fheiceann an file sa bhreacsholas i gcionn uirthi. [na sléibhte, na scamaill, an cuan, an teach solais, rithim na dtonnta, an fharraige, an taoide ag trá, na báid iascaireachta ceann le sruth.]
- Tá draíocht le brath sa chlapsholas.
- Feiceann tú rudaí as an nua nuair a fheiceann tú iad sa chlapsholas.
- Tugann an doiléireacht soiléireacht dúinn ó am go chéile.
- Chomh maith leis na radhairc teann na fuaimeanna a chloiseann an file i gcionn uirthi freisin: na tonnta 'ag briseadh ar na carraigeacha' agus 'giolcadh an ghealbhain'.
- Tá lá aoibhinn ag sleamhnú uaithi agus mothaímid go bhfuil an file ag iarraidh greim a choimeád air.
- Tá drogall ar an bhfile agus ar an timpeallacht féin, fiú, ligean don lá aoibhinn imeacht.
- Tá pictiúir imlínithe i bhfocail ag bhfile de na radhairc a fheiceann sí idir an dá sholas.
- Tá cur síos réadúil déanta ag an bhfile ar an ócáid.
- Baineann an file úsáid éifeachtach agus cliste as an 'láithreach stairiúil' san insint. Shílfeá go raibh sí ag breacadh síos nótaí faoi na tarlúintí d'réir mar a tharlaíonn siad.
- Tugann an file cuireadh don léitheoir bheith ina comhluadar an tráthnóna sin.
- Is meafar é an dán féin, má thógaimid ina iomláine é.
- Is maith liom an dán mar is maith liom bheith in aici na farraige.
- Mothaím go bhfuil suaimhneas agus sásamh le braitíní sa dán.

**Deireadh na Feide**

- Tá liriciúlacht agus dramatúlacht ag baint leis an téama [bás teanga] agus leis an bhfriotal [cur síos lom, bearrtha, réadúil ach éifeachtach] atá sa dán.
- Tá eilimintí fíor-dhramatúla agus brónacha ag baint leis an dán seo. [teanga mhionlaigh, teanga feadaíola, feidhmeanna agus úsáid na teanga, bás na teanga].
- Foláireamh atá sa dán. Gheobhaidh teanga bás in éineacht le lucht a labhartha múna ndéantar iarracht in am an teanga a tharrtháil. Mairfidh sí i gcuimhne na ndaoine [mar luach idéalach rómánsúil ó ré idéalach éigin] ach ní bheidh 'ar chumas éinne na fuaimeanna a aithris' mar 'níor deineadh taifead uirthi.' Is ionann 'taifead' anseo agus an phleanáil chuimsitheach atá riachtanach chun teanga atá i mbaol a shábháil.
- Leagann an file béim ar na húsáid phraiticiúla a baineadh as an 'teanga feadaíola'.

- D’úsáideadh na fir, agus is dócha go mbíodh siad ag aoireacht beithíoch sna sléibhte, d’úsáideadh siad ‘an teanga feadaíola’ chun cumarsáid a dhéanamh leis ‘na mná a d’oibrigh / sna goirt máguaird’.
- Níor thuig éinne ‘lasmuigh den bparóiste’ an teanga agus mar sin bhí sí an-oiriúnach chun teachtaireachtaí rúnda a chur ó bhéal go béal.
- Sa Dara Cogadh Domhanda nuair ‘a tháinig na Naitsithe / choimeád an fheadaíl / Giúdaigh slán ó chontúirt. Thugtaí leideanna agus foláirimh dóibh i ngan a fhios do na Naitsithe a bhuí leis an teanga feadaíola agus thugadh sé sin deiseanna dóibh éalú nó dul i bhfolach.
- Tá Aas ar theorainn na Spáinne ar thaobh na Fraince agus mar sin nuair a bhí an *Résistance* ann chabhraigh ‘an teanga feadaíola’ leo chun teachtaireachtaí rúnda a chur ‘ó bhéal go béal’.
- Ba mhór an chabhair í an teanga feadaíola ar bhealaí eile freisin. Chabhraigh sí ‘le píolótaí a bhí imithe amú / teorainn na Spáinne a bhaint amach.
- Ba theanga í an teanga feadaíola ‘nach dtuigtí / lasmuigh den bparóiste‘. An raibh baint aige seo le bás na teanga? Ar shíl lucht labhartha na teanga go raibh sí seanfhaiseanta? Ar shíl lucht labhartha na teanga nár bhain sí leis an lá inniu? Ar síleadh gur theanga í an ‘teanga feadaíola’ a bhain le ré  a bhí thart, saol a bhí crua, dearóil agus bocht?
- Cuireann ábhar agus téama an dáin seo cás na Gaeilge ar ár súile dúinn. Teanga mhionlaigh. Teanga a bhfuil cuimhne rómánsúil ag mórán daoine uirthi, daoine nach labhraíonn í. Is minic a chuimhnítear uirthi mar luach idéalach arbh fhiú í a caomhnú ach ar nós na teanga feadaíola, nár deineadh taifead uirthi, is beag pleanáil éifeachtach phraictiúil a dhéantar chun í a tharrtháil ón mbás.

**Ceist 4**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. **(15 mharc)**

## A

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i g**Ceist 3**.

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *ábhair* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *t-ábhar* sin os ár gcomhair.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *ábhar* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 3** agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa dán atá ainmnithe agat.

## B

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha ceann **amháin** de *na téamaí* seo thíos i gceist ann.

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

| | | |
|---|---|---|
| (a) Brón | (b) Trua | (c) Bród |
| (d) Áthas | (e) Grá | (f) Éad |

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *téama* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an téama* sin os ár gcomhair.

**A (i)** *agus* **B (i)**

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal an tsaothair** | = 1 mharc | 15 mharc |
| **Ainm an údair** | = 1 mharc | |
| **A (ii)** *agus* **B (ii) Ábhar** | = 5 mharc | |
| **Gaeilge** | = 8 marc | |

**A *nó* B = 1+1+5+8 = <u>15 mharc</u>**

**Nótaí (** An Fhilíocht Anaithnid**):**

| ROINN III | LITIR | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5**.Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo thíos. (Ná gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh).

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí**: 3 mharc
- **Ábhar**: 10 marc
- **Gaeilge**: 17 marc

**3 + 10 + 17 = 30 marc.**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

1. **Na Foirmlí Ceiliúrtha: Seolad:** 1 mharc **Beannú:** 1 mharc
   **Críoch:** 1 mharc

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

| **3.** | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc **as** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

**5.** Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]

**Ceist 5**. Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo thíos.

## A

Chaith tú cúpla lá i dtír thar lear in éineacht le do theaghlach féin. Scríobh litir chuig do chara faoi.

I do litir luaigh

- an fáth a raibh tú féin agus do theaghlach sa tír thar lear
- **dhá** phointe eolais i dtaobh na rudaí a rinne sibh sa tír sin
- **dhá** fhadhb a bhí agaibh nuair a bhí sibh sa tír sin.

## B

Tá tú i do bhall de bhanna ceoil. Bhuaigh an banna ceoil comórtas le déanaí. Scríobh litir chuig do chara faoi.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin mbanna ceoil
- **dhá** phointe eolais faoin gcomórtas a bhuaigh sibh
- rud **amháin** a dúirt na moltóirí libh.

## C

Bhí scéal faoi mhadraí i nuachtán le déanaí.
Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin faoin scéal sin.

I do litir luaigh

- pointe **amháin** eolais i dtaobh an scéil
- **dhá** thuairim dhiúltacha a bhí sa scéal faoi mhadraí
- **dhá** thuairim dhearfacha atá agat féin faoi mhadraí.